



Provided by the author(s) and NUI Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	'Gan Unsa ar Bith Céille': An Fhearúlacht agus An Bharántúlacht in Dhá amhrán le Seosamh Ó hÉanaí. Béaloidéas
Author(s)	Ó Laoire, Lillis; Williams, Sean
Publication Date	2009
Publication Information	Ó Laoire, L., & Williams, S. (2009). 'Gan Unsa ar Bith Céille': An Fhearúlacht agus An Bharántúlacht in Dhá amhrán le Seosamh Ó hÉanaí. Béaloidéas, 77, 58-79.
Publisher	An Cumann Le Béaloidéas Éireann/Folklore of Ireland Society
Link to publisher's version	http://www.jstor.org/stable/i20799572
Item record	http://hdl.handle.net/10379/5874

Downloaded 2019-01-19T13:19:19Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



“Gan Unsa ar Bith Céille:”¹ An Fhearúlacht² agus An Bharántúlacht in Dhá amhrán le Seosamh Ó hÉanaí³

Glactar leis an bharantúlacht mar cheist mhór i gcúrsaí béaloidis sa lá atá inniu ann.⁴ Tá roinnt mhaith staidéir chomh maith déanta ar chúrsaí inscne i Léann an Bhéaloidis in Éirinn⁵ agus roinnt bheag a dhíríonn ar an fhearúlacht mar chuid den leagan amach traidisiúnta ar chúrsaí inscne go sonrach.⁶ Tá cúrsaí inscne agus cúrsaí barantúlachta fite fuaite ina chéile.⁷ Tá an fhearúlacht ar cheann de na gnéithe is spéisiúla dá mbaineann le scéal agus le teacht i láthair an amhránaí Seosamh Ó hÉanaí, cé go maífeadh daoine gur gné shofheicthe í agus nach fiú mórán eile a rá fúithi. Fear a bhí in Ó hÉanaí agus b’fhollas gurbh ea agus sin a

¹ Tá na húdair buíoch den Chomhairle Um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (CTDES IRCHSS) a thacaigh leis an tionscnamh *The Bright Star of the West: Joe Heaney, Irish Song Man*, a bhfuil an t-alt seo bunaithe air.

² Fearúlacht an téarma is fearr linn anseo ar dhá théarma Béarla ‘*manliness*’ agus ‘*masculinity*’. Cuimsíonn an téarma Gaeilge an dá thuiscint go sásúil dar linn, rud a fhágann nach mbainimid leas as an téarma ‘fireannacht’. Pléitear cosúlachtaí agus difríochtaí na dtéarmaí seo in Mansfield, Harvey C. *Manliness*. New Haven, 2006.

³ Leantar an litriú Ó hÉanaí ar fud an ailt seo. Dar ndóigh, is é an leagan Éinniú nó Ó hÉinniú a úsáidtear go háitiúil i gCarna. Heaney an leagan a bhíodh i gcónaí i mBéarla aige féin, cé go lítrítear mar Heanue é chomh maith agus gur faoin litriú sin a cláraíodh a athair Pádhraic i ndaonáireamh 1911 (<http://www.census.nationalarchives.ie>), léadh 5/09/09). Tá achoimre ghearr ar stair mhuintir Éanaí in Mac Con Iomaire, L., *Seosamh Ó hÉanaí: Nár Fhagha Mé Bás Choíche*, Indreabhán 2007, 34.

⁴ Bendix, R. *In Search of Authenticity: The Formation of Folklore Studies*, Madison, 1997; Ó Giolláin, D. *Locating Irish Folklore: Tradition, Modernity, Identity*, Cork 2000; Ó Giolláin, D. *An Dúchas agus an Domhan*, Corcaigh, 2005.

⁵ Féach, mar shampla, Bourke, A. ‘Na Mná Trí Shúile Thomáis’, *Ceiliúradh an Bhlascaoid* 2. eag. Máire Ní Chéilleachair, Baile Átha Cliath 1998, 101-122, *The Burning of Bridget Cleary: A True Story*, London 1999; Coughlan, P. ‘An Léiriú ar Shaol na mBan i dTéacsanna Dirbheathaisnéise Pheig Sayers’, *Ceiliúradh an Bhlascaoid* 3. Eag. Máire Ní Chéilleachair, Baile Átha Cliath 1999, 20-57; Lysaght, P. *The Banshee: The Irish Supernatural Death Messenger*, Dublin 1986; Ó Crualaoich, G. *The Book of the Cailleach*, Corcaigh 2003; Ó hÓgáin, D. *The Hero in Irish Folk Culture*, Dublin 1985. Partridge, A. (Bourke), *Caoineadh na dTrí Muire: Téama na Páise i bhFilíocht na Gaeilge*, Baile Átha Cliath 1983.

⁶ Bourke, A. 1998; Ó Giolláin, D. 2005.

⁷ Bendix, R. 1997, 237.

bhfuil de sin. Ina dhiaidh sin, dar linne go bhfuil go leor le foghlaim againn trí staidéar a dhéanamh ar shaol agus ar shaothar Uí Éanaí, agus sinn ag baint leasa as fráma tagartha na hinscne mar bhealach le gnéithe faoi leith de a thabhairt chun solais go sonrach. Baineann an fhearúlacht tuaithe leis an bharántúlacht sa mhéid is go rabhthas ag díriú air mar mhalairt ar chultúr tuirseach, truaillithe na gcathracha. Féachadh ar aitheantas mhuintir na tuaithe mar bhealach leis an náisiún a athbhunú agus a thógáil ar luachanna ba bhunúsaí ná na cinn a bhí i réim sa chathair. Rinneadh an ceangal seo idir an náisiúnachas agus an fhearúlacht i gcultúir eile chomh maith.⁸ Bhí an aeráid chultúrtha i gceart le go bhféadfadh duine mar Sheosamh Ó hÉanaí teacht i dtír ar a leithéid de thuiscint. Ar dtús, mar sin féin, ní mór beagán scagtha a dhéanamh ar cheist na fearúlachta, agus ar na snáithí éagsúla a raibh páirt acu ina chruthú. Feicfead ansin an tábhacht atá leis an lionsa seo mar shlí le scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe de shaol agus de shaothar Uí Éanaí.

Mar atá léirithe ag Aingeal de Búrca⁹ agus í ag leanúint shaothar Ashis Nandy,¹⁰ leagadh béim faoi leith ar chúrsaí inscne trí dhioscúrsa an choilíneachais agus na himpiriúlachta. De réir na hargóna seo, samhlaíodh i ndearcadh an impiriúlachais gur tíortha fireanna a bhí sna tíortha sin a bhí chun cinn i dtionscnamh an choilíneachais agus samhlaíodh na tíortha sin ar imríodh cos ar bolg orthu mar thíortha baineanna.¹¹ Ba mar bhean a samhlaíodh Éire riamh sa dioscúrsa traidisiúnta, cé, gan amhras, nach mar bhean fhulangach, ghéilliúil, umhal a samhlaíodh í.¹² Sna tuiscintí traidisiúnta, léirítear bandia na talún uaireanta mar fhórsa láidir dosmachtaithe, fórsa nach mór a bheith cúramach ina láthair ionas nach gcuirfí olc uirthi.¹³

Baineadh casadh eile as an tuiscint sin agus Éire faoi smacht ag an Bhreatain.

Measadh gurbh é an t-oileán thall an páirtí fireannach sa chleamhnas idir an dá tír agus gurbh í Éire an páirtí baineannach. Dá réir sin, b'fhurast a mheas go ndearnadh cineál

⁸ Gilmore, D. *Manhood in the Making: Cultural Concepts of Masculinity*, New Haven, 1990, 186-193.

⁹ Bourke, A. 1998.

¹⁰ Nandy, A. *The Loss and Recovery of Self under Colonialism*, Oxford 1988.

¹¹ Bourke, A. 1998, 104.

¹² Sjoesjedt, Marie-Louise. *Gods and Heroes of the Celts*. Berkeley, 1982; Lysaght 1986; Partridge 1983; Bourke, 1998.

¹³ Sjoesjedt, 1982, 37-51.

baineannú ar phobal na hÉireann ar fad, mar phobal a bhí faoi smacht agus faoi riail ag an mBreatain. Tá cuid den tuiscint seo le feiceáil i scríbhinní Matthew Arnold, cuir i gcás, a rinne codarsnacht láidir idir an Sasanach síosmaideach buanseasmhach gan samhlaíocht i bhfarradh is an duine Ceilteach, a bhí lán de shamhlaíocht agus de bhrí, ach nach bhféadfaí brath air aon rud praiticiúil a chur i gcrích.¹⁴ Tréithe a samhlaíodh leis an inscne bhaineannach a bhí sna tréithe sin a luaigh Arnold leis na pobail Cheilteacha, agus léiríonn sé an cineál dearcaidh a bhí á chur chun cinn i measc na huasaicme ceannasaí maidir le sliocht na gCeilteach agus a gcuid tréithe. Ba chuid de na tuiscintí seo faoi ‘inscne’ mhuintir na hÉireann an dúil a measadh a bhí acu sa cheol. Dar le Leith Davis gur féidir na tuiscintí seo a ríomh siar chomh fada le Giraldus Cambrensis sa dara haois déag.¹⁵ Dá bhrí sin, bhí rian den tuiscint ann nach fir iomlána a bhí sna fir as na tíortha coilínithe, ach gur dhual dóibh feidhmiú faoi cheannas a máistrí, fir stuama intleachtúla a thuig leas na n-íochtarán agus a d’fheidhmigh dá réir sin ar mhaithe leo. Léiríodh fir na tuaithe chomh maith mar bhrúideanna barbartha, bagarthacha, foiréigeanacha agus ba é dualgas na gceannairí an tír, a bhí ina bean scanraithe, a shábháil ón scrios a d’fhéadfaidís a imirt.¹⁶ Ní gan ábhar atáimid ag tarraingt scéil ar an ghné seo de dhioscúrsa cultúrtha an impiriúlachais, mar go mbaineann sé go dlúth dar linn, leis na hiarrachtaí a rinneadh ag deireadh an naoú haois déag, samhail nó eiseamláir eile, eiseamláir níos dearfa den fhearúlacht a chur os comhair mhuintir na hÉireann agus deireadh a chur leis an tuiscint nach fir aibí stuama a bhí ina cuid fireannach.

Sula dtagaimid chomh fada sin, mar sin féin, ní mór an cheist a chur cén bhaint atá ag an scéal seo leis a amhránaíocht, agus le Seosamh Ó hÉanaí? Dar linne go bhfuil an-bhaint aige lena scéal agus leis an aeráid chultúrtha a bhí i réim lena linn, a thug deiseanna dó clú agus cáil a bhaint amach dó féin mar amhránaí den scoth. Má chuirtear Ó hÉanaí i gcomhthéacs stairiúil agus má théitear siar céad éigin bliain roimh am a bhreithe, beidh sé níos fusa an tábhacht atá lena scéal a thuiscint b’fhéidir. Ar na daoine a raibh rath orthu sa tréimhse sin, bhí Thomas Moore (1779-1852) as Baile Átha Cliath, scríbhneoir, file agus, an ghné is tábhachtaí ar fad a bhain leis maidir lenár scéal anseo, amhránaí agus ceoltóir.

¹⁴ Ó Giolláin, Diarmaid. *Locating Irish Folklore: Tradition, Identity, Modernity*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 2000, 26.

¹⁵ Davis, Leith, *Music, Postcolonialism, Gender*. Notre Dame: University of Notre Dame Press, 1-4.

¹⁶ Bourke, 1998, 105.

Amhránaí a bhí in Moore a bhain cáil amach dó féin de bharr *Irish Melodies* (1808-1834), foinn a thóg sé ó bhailiúchán Bunting agus ó bhailiúcháin eile. Chuir sé féin agus daoine eile focail nua i mBéarla leis na foinn seo a raibh filíocht Ghaeilge ag siúl leo cheana agus d'éirigh thar barr leis an tionscnamh. Bhí rath agus ráchairt dochreidte ar Moore sna blianta i ndiaidh fhoilsiú an leabhair seo agus cuireadh eagráin go leor amach in imeacht na mblianta ar fud an domhain mhóir. Ollréalt a bhí in Moore lena linn.

Ghabh meánaicme na hÉireann cuid amhrán Moore chucu féin mar shiombail aitheantais agus mhair a cháil ina measc go ceann i bhfad i ndiaidh a bháis. D'fhéadfaidís féin na teachtaireachtaí freasúracha, ceannairceacha a bhaint as cuid amhrán an Mhóraigh, ach ba tuiscintí iad seo nach raibh le cur os ard agus nár thug dúshlán an *status quo* ar aon bhealach follasach. Nuair a bhí Raifteirí agus Máire Bhuí Ní Laoghaire ag cáineadh na nGall go géar i nGaeilge as a gceannas bréagach ar Éirinn, bhí Thomas Moore ag cur aiste eile os comhair na huasaicme agus b'aiste í a d'fhreagair do riachtanais chultúrtha dream Éireannach a raibh súil acu ar an todhchaí agus aird acu ar a leas féin. Scar siadsan leis an Ghaeilge agus leis an cháineadh oscailte ar na Gaill, agus d'iompair siad iad féin ar bhealach nár thug dúshlán na n-údarás, d'ainneoin nár aontaigh siad leis na húdaráis chéanna i gcónaí. Mar sin féin, má b'ionann Thomas Moore agus 'bard náisiúnta na hÉireann', b'eiseamláir é fosta de na nithe a bhí mícheart leis an léiriú mhaoithneach, chaointeach lag sin ar chultúr na tíre. Le himeacht aimsire, breathnaíodh ar Moore mar chlaitseach mhífhearúil, bhaineannaithe.¹⁷ Nuair a tháinig borradh faoin náisiúnachas chultúrtha nua sa cheathrú dheireanach den naoú haois déag diúltaíodh don íomhá seo go forleathan. Go deimhin, chuidigh a léithéid seo d'íomhá aird a dhíriú amach ón uasaicme agus ó na bailte móra siar, ar an chultúr 'fíor' – ar an Ghaeilge, ar Oileáin Árann, ar cheoil, ar amhráin agus ar fhilíocht na ndaoine.¹⁸

Tháinig Seosamh Ó hÉanaí (1919-1984) ar an fhód corradh is dhá ghlúin i ndiaidh do Moore bás a fháil agus bhí athruithe as cuimse ar Éirinn idir an dá linn. De bharr Gorta agus imirce bhí díothú déanta ar chainteoirí Gaeilge, ach amháin i limistéirí áirithe san Iarthar go speisialta. D'fhás an spéis i gcúrsaí cultúrtha ionas gur cuireadh suim faoi leith sa 'phobal', tréith bhunúsach den chasadh i dtreo an rómánsachais. Bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael le

¹⁷ Davis, 2006: 157/8.

¹⁸ De Paor, Liam. *Tom Moore and Contemporary Ireland. Léacht Chomórtha an Riadaigh*. Cumann an Cheoil Traidisiúnta: Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, 1994, 7.

cúrsaí spóirt a chur cinn. Cuireadh coincheap difriúil den fhearúlacht chun tosaigh trí rialacha an chumainn seo chomh maith agus leagadh béim ar an stuaim agus ar an smacht a samhlaíodh leis an uaisleacht, mórán sna bealaí céanna a bhí ag titim amach le hatheagar cúrsaí spóirt i Sasana.¹⁹ Dar ndóigh, ba iad an laochas agus an gaisce na tréithe ba bhun don fhearúlacht traidisiúnta agus bhí teorainneacha cinnte idir ról na bhfear agus na mban ar an ghabháltas. Ag tarraingt ar shaothar na n-antraipeolaithe, luann Ó Giolláin an t-údarás a bhíodh ag na fir cé nach údarás gan teorainn a bhí ann.²⁰ Maidir le ról traidisiúnta an fhir, tá an fhianaise seo againn air ó cheann d’amhráin mhóra Sheosaimh Uí Éanaí féin, ‘Sadhbh Ní Bhruinnealla’:

Fear maith i mbád mé togha fear iomartha
Fear slusaide is láí ar dhá cheann an iomaire.²¹

Obair fhisiciúil na feirme agus na farraige ba chúram don fhear agus an áirithe sin gaisce agus laochais ag baint leis an méid sin a chur i gcrích go craicneach, mar a chuirtear in iúl go beacht san amhrán. Bhí caitheamh i ndiaidh an tsaoil sin ag an smaointeoireacht rómánsúil ar chuid de ghluaiseacht an náisiúnachais é. Dar leis an dearcadh seo a bhí bunaithe go mór ar thuiscintí Rousseau gur staid idéalach a bhí i gceist le beatha na tuaithe, agus gur saol truailithe a bhí i gceist le saol an bhaile mhóir.²² Go pointe, d’fhéadfaí a rá gurbh iad an dream a raibh an soiscéal seo acu, an dream céanna a bhí tógtha le hamhránaíocht Moore le trí ghlúin roimhe sin. De réir mar a thángthas ar mhalairt tuairime, agus gur tuigeadh gur cuach sa nead a bhí i gceol agus i stíl amhránaíochta Moore agus an dreama a lean é, chuathas i dtuilleamaí tuiscintí nua ar an rud ba chultúr ceart na hÉireann ann. Dar ndóigh, nuair a tháinig Ó hÉanaí i méadaíocht bhí ceist an ‘tsean-nóis’ leagtha síos go maith ag an Oireachtas.²³ Léiríonn Ó Súilleabháin (1984) na conspóidí a bhain le cur chun cinn na stíle

¹⁹ Mc Devitt, Patrick. “Muscular Catholicism: Nationalism, Masculinity and Gaelic Team Sports, 1884-1916.” *Gender and History* 1997, 9: 2, 262-284.

²⁰ Ó Giolláin, Diarmaid. *An Dúchas agus an Domhan*. Corcaigh 2005, 109.

²¹ Ó hÉanaí, Seosamh. 2007. *Ó Mo Dhúchas/From My Tradition*. Baile Átha Cliath: Gael-Linn, CEFCD191, Traic XX

²² Ó Giolláin 2000, 27.

²³ Féach mar shampla, Nic Dhonnchadha Róisín. 2004. “An tOireachtas agus An Amhránaíocht ar an Sean-nós: Cruthú agus Sealbhú Traidisiún.” *Bliainiris 2004*. Eag. Ruairí Ó hUiginn agus Liam Mac Cóil, Maigh Nuad, 28-84; Ó Laoire, Lillis. “Traditional Singing in Ireland: Living Fossil or Dynamic Resource?” *The Phenomenon of Singing*. Eag. Brian A.

sin,²⁴ ach rinne daoine ar nós na nOisíní as Béal Chláir agus Labhráis Uí Chadhlaigh as na Déise a gcion féin chun aitheantas a bhaint amach don amhránaíocht seo, trína fheabhas a bhí siad féin ina cheann.²⁵

Má bhí caitheamh i ndiaidh na tuaithe ina chuid den aeráid chultúrtha inar tháinig an sean-nós chun cinn, bhí siad ann a bhraith uathu an gaisce agus an laochas ar chuid den saol sin é chomh maith. Cuid den éileamh a bhí ar leabhair an Bhlascaoid agus ar leabhair Thomáis Uí Chríomhthain go háirithe an pictiúr den fhear chumasach ag streachailt in aghaidh an tsín agus an dúlra agus an cur i láthair a rinneadh air sin. Bhí a leithéid ina dhlúthchuid den dearcadh a bhí ag an Chríomhthaineach agus go deimhin, ba mhór i gceist ag a chuid léitheoirí é. Ní miste cuimhneamh fosta ar W.B. Yeats agus an tábhacht a bhí le hÍomhá Chú Chulainn ina aigne siúd. Mar sin de, agus sinn ag déileáil le cúrsaí amhránaíochta is féidir a mhaíomh gur athraigh gluaiseacht an náisiúnachais chultúrtha agus gur dhiúltaigh siad don íomhá chéillí, stuama, ghéilliúil ar sheas Thomas Moore di agus gur ghabh siad chucu íomhá an Chríomhthanaigh mar shamhail a d'fhreagair ní b'fhearr dó riachtanais na linne. Cé nár cuireadh an scéal i gcló sa chéad eagrán de *An tOileánach*, ar an ábhar, b'fhéidir, go raibh sé róchonspóideach, is díol suime an cur síos a thugann Ó Críomhthain ar a phósadh agus ar an amhrán truamhéileach grá, 'Caisleán Uí Néill' a dúirt sé an oíche sin más fíor. Gníomh dána a bhí ann, gníomh a d'fhéadfadh achrann a tharraingt b'fhéidir. Gníomh é chomh maith a léirigh gné fhearúil an reacaire, pearsa a bhí sásta a mhíshástacht a fhógairt ainneoin gur ghéill sé do shocrú an chleamhnais san am chéanna.²⁶

Roberts. St. John's, 1998, 161-170; Ó Laoire, Lillis, "National Identity and Local Ethnicity: The Case of the Gaelic League's Sean-nós Competitions." *The Phenomenon of Singing 2*. Eag. B. A. Roberts & A. Rose. St. John's, 2000, 160-169.

²⁴ Ó Súilleabháin, Donnchadh. *Scéal an Oireachtais*. Baile Átha Cliath, 1984.

²⁵ Breathnach Diarmaid & Ní Mhurchú Máire. *Beathaisnéis a Trí, 1882-1982*. Baile Átha Cliath, 1992, 70-71. Breathnach Diarmaid & Ní Mhurchú, Máire. *Beathaisnéis a Cúig, 1882-1982*. Baile Átha Cliath, 1997, 188-190.

²⁶ Ó Críomhthain, Tomás. (Eag. Seán Ó Coileáin).. *An tOileánach*. Baile Átha Cliath, 2002, 183-192. Féach fosta, Ó Laoire, Lillis, "Parallel Songlines: James Joyce's "The Dead" and Tomás Ó Críomhthain's *An tOileánach*. *Anáil an Bhéil Bheo: Orality in Modern Irish Culture*. Eag: Nessa Cronin et al. 2009, 189-204.

As an chineál céanna saoil a fáisceadh Ó hÉanaí, cé go raibh an saol nuaimseartha ag teacht chun cinn lena linn. Faoin stát nua bhí deiseanna scoláireachta ann nach raibh ann roimhe sin agus fuair Ó hÉanaí seans cur lena chuid oideachais. De bharr gur imigh sé ón scoil gan a chuid dintiúirí a chríochnú,²⁷ bhí sé níos cóngaraí d'iomhá níos bunata den fhearúlacht, b'fhéidir, ná mar a bheadh dá gcríochnódh sé. D'ainneoin gur chuir sé go mór leis an chruatan a bhain lena shaol, d'fhág sé barántúlacht aige mar amhránaí nach mbeadh ar fáil don té nár bhain a leithéid de mhíthapa dó. Is díol suime é gur féidir a leithéid de thuiscintí bunúla ar an fhearúlacht a fheiceáil go sonrath sa stór amhrán a bhí aige agus ar chuid de na hamhráin is mó a shamhlaítear leis inniu. Díreofar anois ar dhá amhrán dá chuid agus déanfar léamh orthu le súil agus go dtabharfar léargas ar shaol agus ar shaothar Uí Éanaí agus ar na cúinsí cultúrtha a bhí i réim lena linn. Is iad an dá amhrán a phléifear 'Morrissey and the Russian Sailor' agus 'Bean an Leanna', mar amhráin a bhfuil tuiscintí faoi leith le baint astu maidir le coincheap seo na fearúlachta. B'fhéidir go gceapfaí gur rogha aisteach iad na hamhráin áirithe seo, ach tá cúis chinnte lena roghnú mar a léireofar ar ball, agus tugann siad, dar linn, spléachadh tábhachtach ar phointe tagartha na haiste seo mar atá, tuiscintí ar chúrsaí fearúlachta.

Morrissey and the Russian Sailor (Laws H18)

Cé gur amhrán Béarla é 'Morrissey', is amhrán é a raibh agus a bhfuil tóir air i bpobal dúchais Sheosaimh Uí Éanaí agus é ann roimh a aimsir féin. Ó fhear darb ainm Peadar Pheatsa Mhac Dhonncha (1853-1940) a fuair Seán 'Ac Dhonncha an t-amhrán.²⁸ Is dóigh gurb é an gaisce atá ann an fáth is mó a gcuireann daoine spéis ann. Bailéad clóite ó lár an naoú haois déag é an t-amhrán, a chuireann síos ar throid a tharla idir Johnny Morrissey (1831-1878)²⁹ as an Teampall Mór i gCo. Thiobraid Árann agus máirnéalach Rúiseach in Tierra del Fuego i bhfíordheisceart Mheiriceá Theas. Is iomaí cuntas scríofa atá ann ar chuid

²⁷ Mac Con Iomaire 2007: 72-81.

²⁸ Nic Dhonnchadha Mairéad. 1995. "Seáirse Siar: Carna – mar a bhí." *Journal of the Clifden and Connemara Heritage Group*. 2 :1, 96-101. Tá leagan bríomhar Sheáin le cluinstitín ar an gceirnín *Columbia World Library of Primitive and Folk Music Vol. 2, Ireland*. Buíochas le Micheál Ó Catháin as an tagairt d'alt Mhairéad Nic Dhonnchadha.

²⁹ <http://www.cyberboxingzone.com/boxing/Morrissey.htm>. Léadh 14/07/2007. Buíochas le Micheál Ó Catháin as an tagairt seo.

troideanna Uí Mhuiríosa ach níl sé seo ina measc.³⁰ D’fhéadfadh sé gur tharla sé le linn thuras Uí Mhuiríosa go California in 1851. Dáta de 1860 atá ar an bhileog is sine ar a bhfuil na focail le fáil ó bhileog a d’fhoilsigh P. Brereton i mBaile Átha Ciath.³¹ Tógadh Morrissey in Troy Nua-Eabhrac, áit ar lonnaigh a mhuintir tar éis dóibh Tiobraid Árann a fhágáil. Fear láidir crua a bhí in Morrissey de réir gach cuntais agus bhí go leor duaistroideanna mídhleathacha aige lena linn. D’fhill sé as California agus bhunaigh sé ráschúrsa capall Saratoga Springs in stát Nua-Eabhrac. Toghadh in theachta faoi dhó é i dTeach Comhdhála (Congress) na Stát.

Ní hí an phearsa stairiúil is tábhachtaí sa chás seo, ach pearsa an laoch. Seo an trodaí Éireannach agus an domhan mór, domhan an Bhéarla, domhan na bponcánach ina éadan. Éiríonn leis le teann diongbháilteachta lámh in uachtar a fháil ar a chuid naimhde dá n-ainneoin. Má léitear an téacs gan é a chluinstin mar amhrán, leanann an scéal ar aghaidh agus bíonn an bua ag an Éireannach faoi dheireadh nuair a bhuaileann sé an buille buacach ar an Rúiseach san ochtú babhta is tríocha (athraíonn an uimhir ó leagan go leagan). Is iad na ‘Yankees’ an lucht tacaíochta atá ag an Rúiseach agus tá tábhacht leis seo, mar gur tagairt dhíreach é don chos ar bolg agus don leatrom a rinne an aicme cheannais Phrotastúnach ar Éireannaigh nuair a bhain siad na Stáit amach sa tréimhse seo.

Má éistear leis mar ba cheart, mar amhrán, scéal eile ar fad atá ann, agus ba é Ó hÉanaí a bhí ábalta brí agus misneach a chur ann agus é á ghabháil. Léiríonn an tiomáint ina ghlór an sásamh a bhain sé féin as an bhua a bhí ag an Éireannach in aghaidh a námhad, rud atá ag teacht go hiomlán le spiorad an amhráin féin. Ceiliúrann an t-amhrán gaisce an fhir Éireannaigh a n-éiríonn leis a námhaid a choscairt, d’ainneoin go bhfuil cúinsí na troda go láidir ina choinne. Sa mhéid sin, is léiriú ar idéal an laochais iad an téacs agus gabháil an amhráin araon. Is féidir a leithéid de chomhrac aonair a rianú siar go dtí na seanscéalta gaisce, agus, go dearfa, siar chomh fad le cosaint Chú Chulainn ar Chúige Uladh ag an áth chomh maith – an laoch aonair in aghaidh an tslua. Sna seanscéalta béaloidis, baineann an

³⁰ Bourke Angela. 2007. “Songs in English from the Conamara Gaeltacht.” *Dear Far-Voiced Veteran: Essays in Honour of Tom Munnely*. Miltown Malbay: Old Kilfarboy Society, 43-58.

³¹ <http://www.mun.ca/folklore/leach/songs>. Léadh 12/07/09.

laoch leas as iomlán a éirime agus a nirt lena sprioc a bhaint amach, ach mar a deir Zipes³² faoi theagasc na seanscéalta seo: cloíonn neart ceart.³³ Ach dar linn go bhfuil idir cheart is neart ag Morrissey san amhrán. Is ‘*Irish hero brave*’ é an Gael san amhrán atá ag tabhairt aire dá ghnó féin. Ní hé siúd atá ag cuartú troda, agus ní throideann sé ach nuair a thugann an Rúiseach a dhúshlán, rud a thugann céim in airde dó maidir lena sheasamh morálta sa chás. Is carachtar é Morrissey atá ‘*stout and true*’ agus nach nochtann aon eagla. Bíonn gach dara focal idir é féin agus an Rúiseach agus glaonn Morrissey ‘*saucy beggar bear*’ air. Léiríonn an tsáraíocht seo chomh maith a fhearúlacht dhosmachtaithe. Ní caint gan tapa atá ar siúl aige ach oiread ach léiriú i bhfocail ar neart a choirp, rud atá tábhachtach a chur in iúl don lucht féachana – fir eile – agus iad ag tabhairt breithiúnais air. Seo leagan den amhrán:

Come all you gallant Irishmen, wherever you may be
I hope you’ll pay attention and listen unto me
I’ll sing about a battle that took place the other day
Between a Russian sailor and gallant Morrissey.

It was in Tierra del Fuego, in South Amerikay
The Russian challenged Morrissey and these words to him did say
I hear you are a fighting man and wear a belt I see
Indeed I wish you would consent to have a round with me.

Then out spoke Morrissey with heart both brave and true
I am a valiant Irishman that never was subdued
For I can whale the Yankee, the Saxon, Bull and Bear
In honor of Ol’ Paddy’s Land I’ll still the laurels wear.

They shook hands and walked around the ring, commencing then to fight
It filled each Irish heart with pride for to behold the sight
The Russian, he floored Morrissey up to the 11th round
With Yankee, Russian, Saxon cheers, the valley did resound.

The Irish offered four to one that day upon the grass
No sooner said than taken up and down they brought the cash
They parried away without delay until the 22nd round
When Morrissey received a blow that brought him to the ground.

Up to the 37th round ‘twas fall and fall about
Which made the foreign tyrants to keep a sharp lookout
The Russian called his seconds for to have a glass of wine

³² Zipes, Jack.. *Breaking the Magic Spell: Radical Theories of Folk and Fairy Tales*, New York, 1979.

³³ Ó Giolláin, 2005, 17.

Our Irish hero smiled and said, “This battle will be mine.”

The 38th decided on, the Russian felt the smart
And Morrissey with a dreadful blow, struck the Russian on the heart
The doctor, he was called in to open up a vein
He said, “It is quite useless, he’ll never fight again.”

Our hero conquered Thompson and the Yankee Clipper too
The Buffalo Boy and Sheppard, he nobly did subdue
So let us fill a flowing glass, here is health *go leor*
To noble Johnny Morrissey that came from Templemore.³⁴

Cé gur ‘*laurel green*’ atá sa leagan seo, is é an ‘*shamrock green*’ a chaitheann Morrissey i roinnt leaganacha den amhrán, agus dar ndóigh bhí tábhacht leis an tseamróg mar shuaitheantas Éireannach. Anuas air sin, thuigí aon rud glas san am mar shiombail ar ‘*amity, peace and regeneration*’, agus ar an ‘*tree of liberty*’ a sheas do neamhspleáchas polaitiúil na hÉireann.³⁵ Mar sin de, cé go bhfuil an chuma ar an amhrán ar an chéad léamh gur ceiliúradh atá ann ar throid ghránna bhrúidiúil, tá eilimintí ann a chuireann in iúl teachtaireachtaí polaitiúla faoi shaoirse na hÉireann, más i bhfoirm chódaithe féin iad. Faoin solas seo, cuirtear athnuachan charnabhalach na beatha (agus na saoirse) ar aghaidh chomh maith trí bhás shiombhaileach an trodaí Rúisigh.³⁶

Léiriú cumasach é an t-amhrán ar choincheap an ghaisce – éachtaí a dhéantar i gcath nó i gcoimhlint, cé nach féidir glacadh leis seo mar rud iomlán dearfach ar an ábhar go ndearbhaítear dá bharr chomh maith an steiritíopa diúltach de na ‘*fighting Irish*’ atá chomh buanseasmhach sin. Ba é mian mórán Éireannach an íomhá sin a chur díobh agus iad ag iarraidh an dréimire sóisialta a dhreapadh ar a dturas ó na ‘*shanties*’ go dtí tithe na gcúirtíní

³⁴ Rinzler, R., *Irish Music in London Pubs*. Folkways Records FW03575, 1965, traic 8, Tá ceathrú amháin in easnamh sa leagan seo, féach Bourke 2007. Díol suime é gur taifeadadh beo é taifeadadh Rinzler. Dá ainneoin sin, leanann tost iomlán gabháil Uí Éanaí ar an amhrán ó thús deireadh, ach amháin sa véarsa ina leagtar Morrissey go talamh. Ligeann duine éigin sa lucht éisteacht liú tochtmhar cráite as ag an pointe sin, rud a léiríonn an éisteacht aireach thuisceanach a d’fhaigheadh Ó hÉanaí i Londain agus é ag gabháil fhoinn.

³⁵ Owens, Gary. “Nationalism without Words: Symbolism and Ritual Behaviour in the Repeal ‘Monster Meetings’ of 1843-5. *Irish Popular Culture 1650-1850*. Eag. J.S. Donnelly & K. A. Miller, 1998, 242-270 (251).

³⁶ Bakhtin, Mikhail. *Rabelais and His World*. Aist. Hélène Iswolsky. Bloomington, 1984 [1968].

lása. Ní fada ar bhealach an íomhá de Morrissey a chuirtear in iúl san amhrán agus iad siúd den Éireannach a bhí chomh forleathan sin sna hirisí frith-Éireannacha.³⁷ Diúltaíonn amhránaíocht bhríomhar, fhuinniúil Uí Éanaí do mheasúlacht na gcuirtíní lása a raibh tóir ag go leor Gael-Mheiriceánach agus Éireannach meán-aicmeach araon uirthi agus ar shamhail di ceol agus pearsa Thomas Moore, mar a pléadh thuas. Is teist é an t-amhrán ar an bhrí agus ar an spleodar docheansaithe a bhain le hamhráin pobail ar nós an chinn ar fáisceadh é féin as, beag beann ar threascairt rialacha réamhscríofa na moráltachta. Agus, mar a deir Benjamin Filene chomh maith, ba iad an dream ba mhó a raibh tóir orthu i measc na n-oirfideach a tháinig chun cinn nuair a bhí gluaiseacht an cheoil ‘folk’ faoi lán tseoil, an dream nach mbíodh róchosúil lena lucht éisteachta méan-aicmeach.³⁸ Bhí meallacht dá cuid féin ag baint le dánacht dholba an fhir tuaithe agus d’éirigh le Ó hÉanaí leas a bhaint as sin le dul i bhfeidhm go cumasach ar shamhlaíocht a lucht éisteachta. Níorbh aon iontas go ndúirt Ó hÉanaí an t-amhrán an lá a bronnadh gradam National Endowment for the Arts air in Washington DC na Stát Aontaithe i 1982.³⁹ Ba ráiteas é an t-amhrán uaidh gur éirigh leis féin na gruagaigh a dhícheannadh.

³⁷ Curtis, L. Perry. *Apes and Angels: The Irishman in Victorian Caricature*. Washington, 1997.

³⁸ Filene, Benjamin. *Romancing the Folk: Public Memory & American Roots Music*. Chapel Hill, 2000, 63.

³⁹ Mac Con Iomaire, 2007, 356.

An tÉireannach, an tUaigneas agus an tÓl

Tá ‘Bean an Leanna’ ar na hamhráin Ghaeilge is mó a luaitear le Seosamh Ó hÉanaí agus is féidir go leor a léamh as maidir le ceist na fearúlachta agus tuiscintí Uí Éanaí air sin. Rinne Ó hÉanaí trí thairneadh tráchtála ar ‘Bhean an Leanna’ i gcaitheamh a shaoil, i 1957 ar cheirnín 78 (CÉ4),⁴⁰ ar an albam a rinne sé don chomhlacht Topic i 1963 (Topic 12T91) agus an ceann a chuir sé ar an cheirnín *Seosamh Ó hÉanaí* do Ghael-Linn sa bhliain 1971 (CÉ 028).⁴¹ Cé go mbíonn mionathruithe ó leagan go leagan tugtar leagan 1971 anseo mar rogha:

Ó éirigh in do shuí a bhean a’ leanna
Is ná fan le do chaipín a ghléas
Go bhfagha tú dhom deoch uisce beatha
Nó cárt de do chuid leanna féin
Ó beidh muid ag ól go dtí maidin
Seo sláinte na bhfear uilig go léir
Ach nuair a fhágfas an mháistreás an baile
Beidh an cailín is deise agam fhéin

A Dhia céard a dhéanfas mé amárach
Nuair a fheicfeas mé mo ghrá ag goil aniar?
Ní fhéadfa mé a dhul ina láthair
Le méid is bhí eadrainn riamh
Nuair a smaoiním ar a súgradh is ar a gáire
‘S ar inneach a láimhín a bhí fial
Ó titim i lionndubh is i ndólás
Agus goilim féin mórán ‘na diaidh.

‘Gus shiúil mise bogaigh agus sléibhte
Agus cnoic a bhí géar as a mbarr
Is a lán bealaí eile nach ndéarfad
Is gan unsa ar bith céille in mo cheann
Ag cur tuairisc mo stáidbheainín bhéasach
Nach sínfead mo thaobh léi go brách
‘S go mb’fhearr liomsa codla taobh thuas di
Ná bheith i gConga dhá uairín roimh lá.

Is fada mo chosa gan bróga

⁴⁰ Féach *Seolta Séidte/Setting Sail: Ceolta Éireann 1957-1961. 43 Historic Recordings*. CEFCD 184, Baile Átha Cliath, 2003, CD 1, traic 8.

⁴¹ Atheisithe faoin teideal. *Seosamh Ó hÉanaí: Ó Mo Dhúchas/From My Tradition, Sraith 1 & Sraith 2*. (CEFCD191). Baile Átha Cliath, 2007.

Ach is faide mo phócaí gan pín
Is fada mé ag ól le mná óga
Ach níor ól mé riamh deoir le mo mhian
Is fada mo chóntra dhá déanamh
Is mo thumba dhá bhreacadh ag saoir
Mo chróchar dhá tóigeál lá an Earraigh
Is na buachaillí óga ag dul faoi.

Is bhí mé oíche is mé súgach
Bhí mé ag triall ar tigh Mhicil sa ngleann
Bhí strioncán de phíobaire sínte ann
Agus jug fuisce líonta aige ar clár
Ó thit muid lag marbh síos ann
Ní raibh preab inár gcois nó inár láimh
Ach seo beannacht shíol Éabha is shíol Ádhamh daoibh
Agus íocfaidh mé féin an reicneáil.⁴²

Is amhrán grá agus amhrán óil in éineacht é ‘Bean a’ Leanna,’ mar a thugann an teideal a bhaist Ó hÉanaí air le fios. Fear é an reacaire a bhfuil dúil aige a bheith ag díúrnadh na ngloiní go deireanach san oíche agus sa chaitheamh aimsire agus sa chuideachta a théann leis. Sa chéad véarsa iarrann sé tuilleadh óil ionas go n-imeoidh bean an tí agus go bhfaighidh sé an ‘cailín is deise’ dó féin. Cé go bhfuil leid san amhrán a chuirfeadh in iúl gurb ionann ‘bean an leanna’ agus an ‘mháistreás’, ní féidir a bheith cinnte an í iníon bhean an leanna atá i gceist nó an cailín éigin eile í. Tá an dá théama, an t-ól agus an grá, fite fuaite ina chéile san amhrán ón tús, mar sin. Athraíonn an fócas i dtreo cheist an ghrá sa dara véarsa. Céard atá le déanamh aige? Tá sé le bheith san áit a mbeidh a ghrá ach ní bheidh cead aige labhairt léi, ainneoin iad a bheith mór le chéile. Ag smaoineamh dó ar thréithe an chailín, ar a háilleacht agus ar a nádúr geanúil, titeann sé i mbrón de bharr go bhfuil siad scartha agus cromann sé ar ghol. Leanann an drochscéal sa tríú véarsa. Cur síos é ar an droch-chaoi a bhfuil cúrsaí leis. Níl aon bhróga ar a chosa ná níl pingin ar a thús ná ar a dheireadh agus níl a ghrá geal le fáil aige de bharr a chuid ragairne b’fhéidir. Tosaíonn sé ag smaoineamh ar an mbás – ar a chónra, a thumba agus ar lá a shochraide. Thug A.L. Lloyd suntas don bhéim ar an ól a bhí san amhrán seo sna nótaí a chuir sé le ceirnín Éinniú do Topic i 1963 agus tagraíonn sé don amhrán eile sin ‘An Buachaill Caol Dubh’ arb é an t-ól atá i gceist leis.⁴³ Ach déanann sé neamhshuim den dara téama atá fite fuaite leis an ól san amhrán seo, mar atá téama an ghrá

⁴² Ó hÉanaí 2007(CEFCD 191-1), CD1 (CEF028, 1971), Traic 2.

⁴³ Heaney, Joe. *Irish Traditional Songs in Gaelic and English*. Topic 12T 91. London, 1963, traic 10.

gan rath, agus gur ó thaobh an fhir a insítear an scéal sin. Ach oiread is dá mbeifí d'aon ghnó ag leagan béime ar an éidreoir atá ar reacaire an amhráin, filleann véarsa a cúig ar shuíomh an tábhairne arís. Tá greann dóite ag baint leis an chur síos ar an 'stioncán de phíobaire caoch' a choinníonn ceol le lucht an óil agus is é an deireadh a bhíonn ar an scéal ná go dtiteann a bhfuil ann i laige de bharr, is dóigh, an méid atá ólta acu. Sa véarsa deireanach díritear ar oilithreacht an reacaire ar thuairisc a ghrá ghil arís. Ar seachrán atá sé, mar a bheadh gealt ann, ag siúl de shíor agus ag lorg an 'stáidbheainín bhéasach' agus a chiall cailte aige, ach gan aon dúil aige go bhfaighidh sé í.

Téacs thar a bheith spéisiúil é seo, agus is dóigh linn go méadaíonn an easpa cinnteachta a bhaineann leis, an spéis sin. Mar a tharlaíonn go rímhinic in amhráin Ghaeilge níl aon scéal leanúnach le tabhairt faoi deara ar an amhrán ó thús go deireadh. Tá cáil ar amhrán mór óil eile de chuid na Gaeilge, de chuid Chonamara agus a bhíodh go minic ag Ó hÉanaí chomh maith, 'An Buinneán Buí'. Tá cosúlachtaí idir an dá scéal – scéal an fhile arb é a chomhairle íoróineach do dhaoine a bheith ag ól ar eagla go bhfaighidís bás le tart, d'ainneoin chomhairle na mná, agus in 'Bean an Leanna' an t-ól ina chúis leis an chumann bhriste idir an reacaire agus a ghrá geal.

Cuid thábhachtach de go leor cultúir ar fud an domhain é an t-ól agus na deasghnátha a bhaineann lena chaitheamh agus ní taise d'Éirinn é.⁴⁴ Tréith den uaisleacht a bhí sa chumas neart a ól ach fós smacht a choinneáil ort féin. Tréith de chuid na huaisleachta fosta a bhí san fhéile i dteach an óil, rud a thugtar faoi deara, cuir i gcás, in "Púcán Mhicil Pháidín":

Is buachaillín ciúin mánla a bhí i Micil Pháidín
'S de réir mar dúirt a dhream liom bhí sé rímhaith i dteach an óil.⁴⁵

Tá tithe óil luaite in Éirinn chomh fada siar leis an séú haois déag ach ní iontu amháin a dhéantaí an t-ól. Bhí nós ag muintir na hÉireann a bheith ag ól ar ócáidí a bhain le féilte na bliana nó le breith, pósadh agus bás, agus faoin tuaith go minic ní dhéantaí mórán óil ach amháin ar na hócáidí céanna sin. De réir mar a mhéadaigh líon na dtithe óil mar sin féin,

⁴⁴ Malcolm, Elizabeth. "The Rise of the Pub: A Study in the Disciplining of Popular Culture. *Irish Popular Culture 1650-1850*. Dublin: 1998, 50-77. Stivers, Richard. *A Hair of the Dog: Irish Drinking and its American Stereotype*, New York, 2000 [1976].

⁴⁵ Ó hÉanaí, S. 2007, CD X, Traic X.

tháinig siad chun cinn mar áiteanna a mbíodh fir ag dul iontu níos mó ná mná. Mar a léirítear san amhrán agus mar a dhearbhaíonn an fhianaise stairiúil, is minic a choinnigh mná tithe óil, ach is annamh a bhídís ina gcustaiméirí iontu. Théadh fir an lucht oibre sna bailte ag ól chun éalú óna gcuid tithe agus tá sé maíte go ndearna na tithe leanna ionad mná (*female substitute*) a sholáthar do go leor fear, áit a mbeadh fáilte agus féile, teas, bia agus cuideachta le fáil acu, murab ionann agus an baile, áit a raibh na tíolacaí sin in easnamh go minic. D'fhéadfaí a mhaíomh gur scar teach an tábhairne na hinscní ó chéile,⁴⁶ agus d'fhéadfaí a mhaíomh gur cuireadh leagan níos foirmiúla den institiúid seo ar fáil le bunú na *bhfolk clubs*, mar a mbíodh tarraingt Uí Éanaí go minic. Go deimhin, maíonn Richard Stivers go raibh an scaradh seo ag cur leis an dearcadh diúltach a bhí i réim maidir le cúrsaí pósta in Éirinn i ndeireadh an naoú haois déag agus anuas go dtí deireadh na gcaogaidí.

Tugtar faoi deara an teannas céanna sin idir an tarraingt atá ag reaccire 'Bean an Leanna' ar chuideachta theach an óil agus an dúil chráite atá aige ina chailín, nach féidir leis í a fháil. Díríonn Stivers go sonrach ar an cheist sin ag maíomh gur tháinig athruithe ar an chóras an óil sa naoú haois déag agus sa chéad leath den fhichiú haois, rud a bhfuil baint ag patrúin na bpóstaí leis i ndiaidh aimsir an Ghorta Mhóir b'fhéidir. Le fás chumhacht na hEaglaise Caitlicí i rith na tréimhse sin chomh maith agus le hathrú sna patrúin a bhain le seachadadh na ngabhaltás, cuireadh tuilleadh béime ar cheist na haontumhachta. Mhoilligh rátaí pósta go ginearálta agus d'ardaigh aois an phósta. Tháinig cultúr baitsiléirí i réim i measc na bhfear agus is ar an teach tábhairne a bhí a leithéid dírithe. Ghlacadh fir phósta páirt sna grúpaí seo chomh maith agus ba mhinic iad siúd ag feidhmiú mar cheannairí ag déanamh réitigh ar cheisteanna éagsúla.⁴⁷ Chuir an cleachtas a bheith ag ól go trom agus go rialta bac ar chumainn idir fir agus mná agus d'ainneoin nach raibh an Eaglais ar mhaithe leis an ól ar bhealach ar bith, ina dhiaidh sin, dar leo gur lú an dochar a bhí an t-ól a dhéanamh ná mar a dhéanfadh caidreamh na bhfear agus na mban le chéile.⁴⁸ I dteach an leanna, bhíodh scéalaíocht agus amhránaíocht ar siúl idir na fir, rud a chur chun cinn tuiscintí sóisialta ar an fhearúlacht. Bhí an nós seo bunaithe ar na rannpháirtithe a bheith ag seasamh deochanna dá chéile i gcorcal síoraí nach dtagadh aon chríoch leis. Chomh maith le bheith dícheallach i

⁴⁶ Malcolm, E. 1998, 51

⁴⁷ Stivers, R. 2000, 83.

⁴⁸ Stivers, R. 2000, 103.

gceann oibre, b'fhear thú má bhí tú ábalta do dhóthain a ól, má bhí tú i do lúthchleasaí maith nó i do scéalaí maith. Is díol spéise gurb iad sin na buanna a mholtar i Micil Pháidín sa sliocht thuas, go speisialta an ráiteas, 'bhí sé rímhaith i dteach an óil.'

D'ainneoin gur suaitheantas fearúlachta agus laochais é nós an óil rialta, léiríonn an scéal mar is léir dúinn é in 'Bean an Leanna,' a mhalairt d'insint ar a bhfuil i ndán don té a bhíonn ag ól go trom. San amhrán seo, dá fheabhas é comhluadar an óil, tá nasc idir é agus easpa cumais an fhir i leith an chailín a bhfuil spéis aige inti. Is féidir a léamh go soiléir gurb é dúil an reacaire san ól atá ag milleadh aon rath a bheadh ar an chumann eatarthu. Is eiseamláir na gnaoiúlachta agus na geanúlachta ise, tá sí fial, flaitheúil, mealltach, agus is aici atá riar a cháis seans dá n-éireadh leis a chuid deacrachtaí a chur de. Is ag an ól atá an bua sa chás seo mar sin féin, agus fágtar an reacaire ar seachrán ar fud na tíre agus gan a ghrá le fáil aige. Sárú ar idéal na fearúlachta atá san amhrán seo, óir níor cheart don fhear ar fiú an t-ainm é a neamhspleáchas a chailleadh tríd an ól. Murab ionann agus Micil Pháidín atá molta go hard san amhrán ina luaitear é féin, is créatúr bocht éidreorach ar díol trua é reacaire an amhráin seo.

Tá sé ar eolas go maith ó bhéal Uí Éanaí féin go raibh caidreamh domhain aige leis na hamhráin a bhí ina stór aige. Go deimhin, dúirt Peggy Seeger faoi gur gheall le leannáin aige na hamhráin Ghaeilge go háirithe.⁴⁹ Bailíodh trí véarsa den amhrán seo óna athair Pádhraic,⁵⁰ ach cá bhfuair sé an chuid eile de agus cad chuige ar roghnaigh sé lena chur ar na ceirníní, ceirníní Ghael-Linn go sonrath ó chaith sé an oiread dua leo?⁵¹ Ar bhealach, ní haon iontas go gcuirfeadh sé an t-amhrán seo ar taifead. Amhrán maith a bhí ann, a raibh fonn AABA leis, cuid de na foinn ar thug Séamus Mac Aonghusa suntas dóibh nuair a dúirt sé gur mhó ba chosúil le ceol na Mumhan ná le ceol Chonnacht. Dar leisean:

Is ag Seán Choilm Mac [Mac Donncha] agus ag muintir Uí Éanaí atá an ceol is fearr agus is údarásaí de chuid Chonamara a tháinig i mo threo go fóill, gan Fínis a áireamh. ...is acu a fuair na ceolta ba chasta a fuair ar chósta Chonamara

⁴⁹ Mac Con Iomaire, L. 2007, 190.

⁵⁰ Ní Fhlathartaigh, R. 1976, 246.

⁵¹ Mac Con Iomaire, L. 2007, 263.

– is mó atá siad cosúil le ceol maith na Mumhan mar atá ag Cáit Ní Mhuimhneacháin agus ag Labhrás Ó Cadhla.⁵²

Tagairt é seo don tuiscint a bhí i réim i measc lucht an cheoil gur mhó de na foinn seo a bhí i gCúige Mumhan agus gurbh fhoinn AABA ba mhinice a d’fhaightí i gConnachta agus in áiteanna eile. Bhain Ó Riada leas as na tuairimí seo ina chuid léachtaí ar *Our Musical Heritage* i 1962.⁵³ Chomh maith leis sin, bhí focail an amhráin fileata agus is cinnte go raibh go leor ann mar aiste le scóip a thabhairt dá chumas iontach amhránaíochta é a chur i láthair go paiteanta, beacht mar ba dual dó. Thuig Ó hÉanaí go maith na treochtaí a bhain le tuairimíocht a linne agus bhí an stór aige óna mhuintir a dheimhnigh tuairim Mhic Aonghusa. Dá ainneoin sin, maidir le tuiscint Uí Éanaí mar amhránaí ar a chuid ealaíne, níor mhór dó ceangal mothálach a dhéanamh le hamhrán seachas díreach a bheith á chasadh mar léiriú teicniúil ar a dhúchas. Níorbh é sin an cur chuige a bhí aige i leith a chuid amhrán riamh. Mar a dúirt sé féin le mac léinn i Meiriceá go gearr roimh a bhás:

*I judge a song by the way I feel. Now: do I feel this, or don't I? That's the question I ask myself all the time. Do I feel this song? Do I put myself in the man's name that this particular song was written about? Am I suffering the labours that he did? Can I go through that or have that picture before me? If I can't follow that man, the journey he took, whether he was in bondage or slavery, I don't follow the song, and I don't do it justice. I know I don't if I don't do that.*⁵⁴

Is fiú comparáid a dhéanamh idir an chaint seo agus a mhacasamhail chéanna a dúirt sé le Peggy Seeger.⁵⁵ Is léir ón ráiteas sin go ndearna Ó hÉanaí ionannú idir é féin agus na carachtair ina chuid amhrán agus an trioblóid agus an buaireamh a lean dóibh. Is fiú an cheist a chur faoin dóigh ar cheangail sé téama agus scéal an amhráin sin lena réaltacht laethúil féin. Sa chás seo, is díol suntais é gur i 1957 is luaithe a chualathas Ó hÉanaí ag rá an amhráin seo.

⁵² uí Ógáin, R. 2007, 72.

⁵³ Ó Riada, Seán. *Our Musical Heritage*. Port Laoise, 1982.

⁵⁴ Heaney, Joe. 1978. *The Joe Heaney Archive* JH 78-15.2. Seattle: Department of Ethnomusicology, University of Washington.

⁵⁵ Mac Con Iomaire, L. 2007, 198.

Is iad na chéad taifeadtaí atá ann de ag casadh an amhráin seo, na cuntais a tugadh ar na hoícheanta seanchais in Amharclann an Damer agus ina dhiaidh sin, na ceirníní 78 a d'eascair as na hoícheanta sin. Níl sé i measc na n-ocht n-amhrán déag a bhailigh Séamus Mac Aonghusa uaidh do Choimisiún Béaloideas Éireann.⁵⁶ Ní chiallaíonn sé sin ach nach raibh sé in uachtar a chuimhne aige san am, nó nár cheann é a bhí ag teacht leis nó aige maith go leor le go gcasadh sé é. Mar atá léirithe ag Liam Mac Con Iomaire ina leabhar féin, pósadh Ó hÉanaí in Albain ar Mhary Connolly, bean de bhunadh Charna. Ach níor phósadh socair riamh é agus ní bhíodh Seosamh rómhinic i láthair. Is beag am a chaith sé i nGlaschú ó 1955 cé go dtugadh sé corr chuairt orthu suas do dtí 1964/5 nuair a d'imigh sé go Meiriceá go buan. Ba scéal é nach bhféadfaí labhairt faoi ag an am de bharr cúrsaí sóisialta sa tír agus dhiúltaigh Ó hÉanaí é féin mórán a rá faoi. Má bhí a fhios ag daoine é, choinnigh siad an scéal chucu féin.⁵⁷ Agus é i Meiriceá chomh maith, i dtír na bhfaoisdiní, d'fhéadfaí a rá, ní phléifeadh sé a shaol pearsanta le duine ar bith dá chuid mac léinn, á gcur ó dhoras dá bhfiafraídís aon ní mar sin de. Mar sin féin, dála na bhfilí, ar nós leo aithrí a chumadh faoina saol drabhlásach, is féidir a mhaíomh go bhfuil aithreachas le léamh go sonrath ar scéal an amhráin seo. Tuigeann an té a labhraíonn sa chéad phearsa san amhrán seo cá bhfuil an laige agus an fhabht. Tuigeann sé gurb é an t-ól agus an ragairne a d'fhág é mar atá sé, ag fánaíocht idir bogaigh agus sléibhte gan unsa ar bith céille ina cheann.

Is truamhéileach iad na cuntais a thug clann agus cliamhainí Uí Éanaí uathu faoina gcaidreamh leis.⁵⁸ Dá stílthe é agus dá cheilte é, ní lú an t-aiféala atá le tabhairt faoi deara ar 'Bhean an Leanna'. Ní féidir a rá go cinnte a choíche gur ar a chás féin a bhí Ó hÉanaí ag smaoineamh nuair a bhíodh an t-amhrán seo agus amhráin eile mar é a ngabháil aige, ach, mar dhuine a raibh ardtuiscint aige ar na hamhráin agus nár spáráil é féin riamh le barr maise a chur orthu ina chuid fonnadóireachta, ba deacair dó gan an nasc a dhéanamh. Má mheastar go raibh Ó hÉanaí fuarchúiseach i dtaobh an scéil seo, dar linne gurb é a mhalairt atá fíor agus gur tríd an amhrán seo go háirithe agus amhráin eile mar é, ar nós 'An Buinneán Buí' a scaoil sé racht an aithreachais a bhí air. Nuair a chuirtear na hamhráin diaga ina dteannta, léirítear pearsantacht chaolchúiseach, choimpléascach nach féidir aon léamh simplí a

⁵⁶ uí Ógáin, R. 2007, 439.

⁵⁷ Mac Con Iomaire, L. 2007, 261.

⁵⁸ Mac Con Iomaire, L. 2007, 130-132.

dhéanamh uirthi. Mar a deir Steve Coleman agus é ag cur síos ar thuiscintí Uí Éanaí faoin amhránaíocht: ‘...*in song, one can say things without telling them.*’⁵⁹

B’fhada ó chéile Thomas Moore agus Seosamh Ó hÉanaí agus *zeitgeist* na dtréimhsí inár mhair siad ar go leor bealaí. Bhí scoil is foghlaim, léann is Béarla ar Thomas Moore, agus cé go bhfuair Ó hÉanaí féin roinnt léinn, ní le saol an léinn a chaith sé a chuid fuinnimh i ndeireadh ama. Bhí Béarla ag Ó hÉanaí fosta, Béarla tuaithe na hÉireann, ach ba í an Ghaeilge agus a cuid amhrán dúchais a bhradán beatha. B’ amhránaí é a chuir barántúlacht an dúchais in iúl ina steillebheatha. Cé gur mar fhear cruá, lán de laochas, a fheictear Ó hÉanaí, fear a bhí cosúil ar bhealaí le pearsa Johnny Morrissey san amhrán, is féidir taobh eile a fheiceáil de ach scrúdú grinn a dhéanamh ar théacsanna agus ar cheol amhráin eile dá chuid. Léiríonn a leithéid de staidéar mar a tháinig Ó hÉanaí i láthair mar ionadaí fearúil, barántúil ar an Éirinn cheart dhúchasach. Déantar iarracht chomh maith pictiúr simplí aondathach de a chur dá bhoinn agus léargas níos ilghnéithí a thabhairt air féin agus ar a shaothar. Níl san alt seo ach iarracht a léiriú gur staidéar é sin is fiú a dhéanamh le go dtiocfaí ar thuiscint bhreise ar an ghaol a bhí idir saol Uí Éanaí agus a chuid amhrán agus mar chuaigh an dá rud i bhfeidhm ar shaol a linne agus mar a chuaigh an saol sin i bhfeidhm orthu.

Lillis Ó Laoire agus Sean Williams

⁵⁹ Coleman, Steve. “The Nation, The State and The Neighbours: Personation in Irish Language Discourse.” *Language & Communication* 24, 2004, 381-411 (398).

English Summary

The article applies concepts of gender, and especially of masculinity and manliness, to the career of the celebrated singer Seosamh Ó hÉanaí/Joe Heaney, to provide insight into his reception as an authentic male representative of Gaelic tradition. It also examines his own complex engagement with songs that he sang. Comparing him to Thomas Moore, considered a feminized male in a gendered view of colonial dominance and subjection, the paper argues that Heaney represents Moore's postcolonial antithesis. Changes in the cultural milieu such as the founding of the GAA (1884), led to a masculinizing dynamic in which Irish males asserted values of noble, gentlemanly conduct, offering resistance to dominant colonial feminizing tropes. Also, as Moore's star waned, enthusiasm for the authentic Gaelic west grew. Such changes enabled Heaney to capitalize on his rural background and his overtly manly self-presentation. The paper examines two songs in this light. The first is 'Morrissey and the Russian Sailor,' a 19th century broadside (Laws H 18), about a historically unsubstantiated fight between Johnny Morrissey (1831-1878) and a Russian, which the Irishman won. What appears initially as a violent brawl can be read as a politically coded resistance to anti-Irish discrimination prevalent in the US at the time and as a call for Irish freedom. Furthermore, it acts as a metaphor for Heaney's success in overcoming similar obstacles in his quest for artistic recognition, as evidenced by his performance at the US National Endowment for the Arts Award ceremony in 1982. The second item, 'Bean a' Leanna,' a Gaelic song intimating a love affair marred by excessive male drinking, invites similar interpretations. In it, traditional masculine values of physical prowess, nobility and a capacity to drink copiously without succumbing to inebriation are starkly undermined. The male narrator appears as a pitiable wretch wandering aimlessly in search of his true love. Heaney's recorded singing of this song dates from the late 1950s. Based on Heaney's self-stated identification with the characters in his songs, and his superb understanding of poetic nuance and expression, the paper argues that his preference for 'Bean a' Leanna' may be linked to the ending of his marriage, a matter he seldom discussed and to which he never openly referred. In this way, the song articulates a veiled 'confession' of his error in the matter in a manner characteristic of traditional Gaelic poets. Additionally, it voices a covert lament for his personal loss in the circumstances. Both 'Morrissey' and 'Bean a' Leanna' reveal a resistance to middle class Irish and Irish-American aspirations to 'lace curtain' respectability. They, and other songs of Heaney's, reveal a subtle, complex, personality that refuses any reductive caricature of the stage-Irish male. Despite Moore's and Heaney's myriad differences, both were powerful agents of feeling and emotion.

Beathaisnéis:

Lillis Ó Laoire. Léachtóir le Béaloideas i Roinn na Gaeilge, Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Go leor foilseachán aige a bhaineann leis an amhránaíocht go háirithe, ina measc, *Ar Chreag i Lár na Farraige: Amhráin agus Amhránaithe i dToraigh*. Cló Iar-Chonnachta, 2002. Ina Chomhalta Sinsearach Taighde faoi choimirce an CTDES/IRCHSS 2009-10.

Lecturer in Folklore in the Department of Irish, School of Languages, Literatures and Cultures, NUI Galway. Has published widely on song especially, among which is *Ar Chreag i Lár na Farraige: Amhráin agus Amhránaithe i dToraigh*. Cló Iar-Chonnachta 2002. He received a Senior Research Fellowship from the IRCHSS in 2009-10.

Sean Williams. Bhí Sean Williams ina mac léinn ag Seosamh Ó hÉanaí le linn a thréimhse in University of Washington, Seattle. Tá leabhar foilsithe aici ar amhránaíocht Sunda in Iarthar Oileán Java agus mórán alt eile ar chúrsaí ceoil. Tagann sí go hÉirinn go rialta agus múineann sí clár Idir-Dhisciplíneach i Léann na hÉireann in Evergreen State College, Washington, mar a bhfuil sí ina hOllamh sna Daonnachtaí.

Sean Williams was a student of Joe Heaney during his time at the University of Washington, Seattle, She has published a book on the singing of Sunda in West Java (Oxford 2001). She travels to Ireland regularly and teaches an Interdisciplinary Programme in Irish Studies at the Evergreen State College, Washington, where she is a Professor of Humanities.